Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Feabhra 2026
(OR. en)

5937/26

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2025/0352(NLE)**
**2025/0353(NLE)**

**ESPACE 19**
**EEE 9**
**RECH 39**
**COMPET 140**
**IND 91**
**EU-GNSS 9**
**TRANS 44**
**AVIATION 15**
**MAR 14**
**TELECOM 45**
**MI 94**
**CSC 85**
**CSCGNSS 9**
**CSDP/PSDC 71**
**AELE 13**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ón gCOMHAIRLE maidir le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán<br>– Glacadh<br>CINNEADH ón gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán<br>– Comhaontú i bprionsabal<br>– Iarraidh ar thoiliú Pharlaimint na hEorpa |

1. Ag an gcruinniú a bhí aici an 5 Márta 2025, ghlac an Chomhairle an Cinneadh lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Ríocht na hIorua maidir le comhaontú lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí rialtais.[1]

2. Ag eascairt as conclúidí na caibidlíochta le Ríocht na hIorua, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an 17 Samhain 2025 togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, Comhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Ríocht na hIorua, den pháirt eile, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais i gClár an Aontais um Nascacht Shlán[2], chomh maith le togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, maraon le téacs an Chomhaontaithe mar aguisín a ghabhann leis an togra. [3].

3. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um an Spás an 16 Nollaig 2025, thíolaic an Coimisiún a thograí, agus scrúdaigh an Mheitheal um an Spás iad. Cuireadh an Mheitheal um an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ar an eolas. Tháinig toscaireachtaí na Meithle um an Spás ar chomhaontú maidir le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle a bhaineann le síniú agus téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, chomh maith le téacs an chomhaontaithe, tar éis comhairliúchán i scríbhinn a tugadh i gcrích an 22 Nollaig 2025.

4. Rinne na saineolaithe dlí agus teanga an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe, an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe agus an Chomhaontaithe féin a fhíorú agus a thabhairt chun críche i ndoiciméid 5369/26, 5367/26 agus 5371/26 faoi seach.

---

[1] IO L, 2024/3226, 30.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/3226/oj.
[2] 15535/25 + ADD1.
[3] 15539/25 + ADD1.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle, le linn chuid 'A' de chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, an méid seo a leanas:

- an Cinneadh ón gComhairle maidir leis an síniú, mar a leagtar amach in 5369/26 é, a ghlacadh agus a chinneadh Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE;
- comhaontú i bprionsabal a sholáthar maidir leis an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe mar a leagtar amach in 5367/26 é agus a chinneadh é a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa lena thoiliú, mar aon le téacs an Chomhaontaithe mar a leagtar amach in 5371/26 é, tar éis shíniú an Chomhaontaithe.